An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030
Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn: 2010 - 2015
An Roinn Airgeadais

Scéim teanga na Roinne

Thug an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faomhadh do dhara scéim teanga na Roinne a chlúdaíonn an tréimhse 2014-2017 agus a tháinig i bhfeidhm ar an 27 Deireadh Fómhair 2014. Leagtar amach sa scéim nua, atá bunaithe ar chéad scéim na Roinne agus a chuireann léi, na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus aithnítear inti na réimsí a fheabhsófar amach anseo.

Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Ag féachaint do pholasaí an Rialtais i ndáil le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge, tá gealltanas tugtha sa scéim teanga reatha go n-aithneofar, roimh dheireadh bhliain a haon den scéim, na poist ina bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach agus go ndéanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, ag féachaint do pholasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, mar is cuí. Cuirfidh sé seo ar chumas na Roinne feabhsú incriminteach ar sheirbhísí Gaeilge a phleanáil agus a chur i dtosaíocht ar bhealach straitéiseach. Cé nach bhfuil aon phoist dá leithéid aitheanta go dtí seo, tá an próiseas seo ar siúl go leanúnach.